# Ceacht 7



## Comparáid a déanamh idir cén tuairim a bheadh ag spriocghrúpaí éagsúla i leith an fhógra chéanna, agus a aithint gur féidir leis na meáin a bheith ina bhfoise faisnéise agus mífhaisnéise

**Cuspóir Foghlama**

Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann comparáid a déanamh idir cén tuairim a bheadh ag spriocghrúpaí éagsúla i leith an fhógra chéanna, agus a aithint gur féidir leis na meáin a bheith ina bhfoise faisnéise agus mífhaisnéise.

**Toradh Foghlama**

- A thuiscint go bhféadfadh luchtanna féachana agus éisteachta éasgúla frithghníomhú ar bhealaí éagsúla nuair a fheicfidís an fógra céanna ag brath ar shainghnéithe an fhógra
- Roghnaigh feachtas faisnéis meáin agus déan measúnú ar cén fáth a n-éireodh leis an bhfeachtas áirithe sin.
- A thuiscint cad is mífhaisnéis ann (nó bréagnuacht).

**Nótaí an Mhúinteora**

Cruthaítear fógraíocht chun mothúcháin a spreagadh ionainn. Roghnaítear go cúramach gach rud atá sna fógraí mórthimpeall orainn ionas go mbeidh cuma níos tarraingtí agus níos mealltaí ar an táirge nó an branda atá á dhíol. Is minic a mheasctar gnéithe fantaisíochta agus fírinneacha i bhfógraí.  Ní hamháin go bhfuil siad ag iarraidh táirge a dhíol linn, ach is féidir leis an bhfógraíocht faisnéis a chur ar fáil dúinn dár saol laethúil freisin. Is féidir leis na meáin mífhaisnéis nó bréagnuacht a ghiniúint freisin.

**Acmhainní**

- An físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn*
- Gníomhaíocht 7.1
- Gníomhaíocht 7.2

**Modheolaíocht**

- Caint agus plé – 'Bréagnuacht'
- Foghlaim ghníomhach: Frithghníomhú d'Fhógraiocht: Rólghlacadh
- Comharfhoghlaim: Measúnú a dhéanamh ar Fheachtas Oideachasúil Meáin
- Scileanna trí mheán an ábhair – An físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn*; Frithghníomhú d'Fhógraíocht



# An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn

# Ceacht 7

## Cur Chuige

**Céim 1: An físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn***



**Físeán**

- Abair leis an leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr mar gheall ar an tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn.
- Seinm an físeán *an Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie.
- Cuir an físeán ar sos agus fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad aon shamplaí den tionchar a imríonn na meáin orainn sna fógraí.
- Tar éis an fhíseáin, fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad aon samplaí san fhíseán, nár chuala siad trácht orthu cheana, den chaoi a n-imríonn na meáin tionchar orainn.
- Mínigh do na leanaí go bhfuil na meáin chumarsáide mórthimpeall orainn – mar shampla in irisleabhair, ar an teilifís, ar an raidió agus ar shuíomhanna gréasáin.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go bhfuil ról mór ag úsáid mothúchán sna meáin chumarsáide agus san fhógraíocht.

**Céim 2: Frithghníomhú d'Fógraí**

- Cuir i gcuimhne do na leanaí gurb iad na daoine a chruthaionn na meáin chumarsáide na daoine a chineann ar cad a theastaíonn uathu a chur in iúl agus cé orthu ar mhaith leo na fógraí a dhíriú.
- Mínigh don rang go bhfuil roinnt ábhair ar líne atá cruthaithe ag daoine a bhíonn ag déanamh fógraíocht ar tháirgí i bhfíseáin agus ar an suíomhanna gréasáin féin agus íocann cruthaitheoirí na dtáirgí iad chun é sin a dhéanamh. Is cineál fógraíochta é sin freisin, cé go bhfuil sé ginte ag daoine seachas ag cuideachtaí fógraíochta.
- Mínigh do na leanaí go bhfuil luchtanna féachana agus éisteachta éagsúla a bhféadfadh an fógra mothúcháin éagsúla a spreagadh iontu ag brath ar shainghnéithe an fhógra.
- Mínigh dóibh mar shampla go bhféadfadh leantóir spóirt freagairt ar bhealach éagsúil d'fhógra faoi spóirt ná mar a dhéanfadh daoine fásta ar tuismitheoirí iad dá mbeadh naíonáin nó leanaí san fhógra; d'fhéadfadh go dtaitneodh na fógraí le leanaí dá mbeadh gnéithe fantaisíochta iontu.
- Inis do na leanaí go bhfuil siad chun gníomhaíocht a dhéanamh mar rang iomlán agus go bhfuil siad chun breathnú ar roinnt fógraí ó shuíomh gréasáin MediaWise, www.Mediawise.ie
- Tar éis gach fógra fiafraigh de na leanaí cad iad na mothúcháin a spreag an fógra iontu?
- Fiafraigh de na leanaí:
  - An mbíonn ocras orthu má fheiceann siad leanaí sona ag ithe táirge bia áirithe i bhfógra?
  - An mbíonn fonn orthu súgradh le bréagán áirithe má fheiceann siad leanaí ag gáire agus sona ag súgradh leis an mbréagán sin?
  - An mbíonn éad orthu má fheiceann siad duine i bhfógra le táirge éigin ba mhaith leo féin a bheith acu?

**Céim 3: Frithghníomhú d'Fógraí – Rólghlacadh**

- Iarr ar a leanaí a shamhlú gur duine eile iad.
- Fiafraigh de na leanaí an dóigh leo go spreagfadh an fógra mothúcháin éagsúla iontu dá mba duine eile iad, mar shampla naíonán, páiste óg, déagóir, duine fásta óg, duine níos aosta.
- Iarr ar na leanaí obair i mbeirteanna agus plé a dhéanamh ar cad iad na mothúcháin a spreagfadh fógraí i ngrúpaí éagsúla daoine
- Ba chóir do gach grúpa rólghlacadh a dhéanamh chun na mothúcháin sna daoine éagsúla a léiriú – naíonán, páiste óg, déagóir, duine fásta óg, duine níos aosta.

*Cuir i gcuimhne do na leanaí go gcuideodh an méid a d'fhoghlaim siad faoi steiréitíopaí agus stéiréitíopáil leo sa ghníomhaíocht seo.*

An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn


# Ceacht 7



## Cur Chuige ar lean

**Céim 4: Measúnú a dhéanamh ar Fheachtas Oideachasúil Meáin** ar lean

- Ag úsáid Ghníomhaíocht 7.1 is féidir leis na leanaí measúnú a dhéanamh ar fheachtas oideachasúil meáin ag úsáid na gceisteanna seo:
  - Cé orthu a bhfuil an feachtas dírithe?
  - Cad é príomhtheachtaireacht an fheachtais?
  - Cé chomh héifeachtach is atá príomhtheachtaireacht an fheachtais?
  - Cén fáth a bhfuil an feachtas tábhachtach do dhaoine óga, dar leo?
  - Cad iad na gnéithe meáin a d'úsáid siad san fheachtas - sluán, daoine cáiliúla, carachtair, ceol, greann, dathanna nó íomhanna?
  - Cé chomh héifeachtach is a bhí na gnéithe meáin a d'úsáid siad san fheachtas?
  - Conas a cuireadh an fhaisnéis in iúl san fheachtas?
  - Conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar an bhfeachtas?


An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn
Gníomhaíocht 7.1


**Gníomhaíocht 7.1**

**Gníomhaíocht Roghnach**

- D'fhéadfadh gach grúpa seó sleamhnán PowerPoint /póstaer a chruthú dá bhfeachtas

**Céim 5: 'Bréagnuacht'**

- Inis do na leanaí gur féidir leis na meáin faisnéis a thabhairt dúinn ach gur féidir leo mífhaisnéis a thabhairt dúinn freisin.
- Mínigh dóibh gurb é is mífhaisnéis ann ná faisnéis mhíchruinn, go háirithe má tá sé i gceist dallamullóg a chur ar dhaoine d'aon ghnó.
- Fiafraigh de na leanaí ar chuala siad riamh trácht ar 'bhréagnuacht'.
- Mínigh gur cineál mífhaisnéise í bréagnuacht. D'fhéadfadh gur bréaga amach is amach a bheadh ann nó fíricí an scéil nuachta a athrú ionas go mbeidh sé níos conspóidí.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí gurb iad na daoine a dhéanann na meáin chumarsáide a chruthaíonn an t-ábhar a bhíonn ar an nuacht. Bíonn dearcthaí éagsúla á gcur i láthair i gcineálacha éagsúla meáin, agus is féidir a rá go bhfuil "claonadh difriúil" ag na dreamanna éagsúla.
- Bíonn cruthaitheoirí nuachta an-mhaith ag tarraingt ár n-airde.
- Cruthaíonn roinnt suíomhanna gréasáin scéalta nuachta dochreidte agus roinneann siad iad ar na meáin shóisialta. Ní féidir an scéal a chreidiúint, ach fós féin roinneann daoine é le daoine eile gan fiú a machnamh a dhéanamh air. Ansin bíonn suim ag daoine eile an scéal a léamh, cliceálann siad air, faigheann an suíomh gréasáin a lán cuairteoirí, agus tuilleann siad airgead as sin.
- Nuair a thugtar faoi deara leis an teicneolaíocht a úsáidtear ar líonraí meáin shóisialta go bhfuil tóir ar scéal, déantar deimhin de go dtaispeántar an scéal sin ar fhotha nuachta a lán daoine. Cuidíonn sé sin bréagnuacht a scaipeadh.
- Iarr ar na leanaí measúnú a dhéanamh ar cé acu de na ceannlínte thíos a d'fhéadfadh a bheith ina bréagnuacht:
  - Tá Éire ag fágáil an Aontais Eorpaigh
  - Eachtráin ón Spás i gContae na Gaillimhe
  - Bhuaigh Éire Corn an Domhain sa Sacar
  - An tUachtarán ar cuairt in Ospidéal i gContae Chorcaí
  - Bus-eitleáin á dtabhairt isteach i gcóras iompair Bhaile Átha Cliath
  - An Rialtas chun Cánacha a Laghdú.


An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn
Gníomhaíocht 7.2

**Gníomhaíocht 7.2**

**Gníomhaíocht Roghnach:**

- Déan taighde ar roinnt scéalta ar líne.
- Roghnaigh scéalta nuachta ó shuíomhanna gréasáin atá an-éagsúil lena chéile, agus déan measúnú ar cibé an faisnéis nó mífhaisnéis atá iontu i.e bréagnuacht:
  - Cad é an scéal a insíodh – na príomhphointí
  - Cé a chruthaigh an scéal agus cé orthu a raibh sé dírithe
  - Cé a d'fhéadfadh leas a baint as teachtaireacht an scéil agus cé a bhféadfadh an teachtaireacht sin dochar a dhéanamh dóibh?
  - Cén fáth a bhfuil cuma bhréige ar an scéal?
  - Cén éifeacht a bhí ag na scéal agus ag an bhfaisnéis sa scéal?
- Bain leas as Gníomhaíocht 7.2 chun an fhaisnéis sna scéalta a bhreacadh síos.